# Cárta Leighis agus Cárta Cuairte Dochtúra

# Treoirlínte Measúnaithe Náisiúnta

Lúnasa 2024

## Clár na nÁbhar


1. Fáilte chuig an treoir seo ..... 5

2. Cé atá i dteideal Cárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra a fháil? ..... 6

Cé atá incháilithe chun an Cárta Leighis nó an Cárta Cuairte Dochtúra a fháil? ..... 6

Cé na scéimeanna cúraim sláinte eile atá ar fáil? ..... 9

An Cárta faoin Acht Sláinte (Leasú) ..... 9

An Scéim Sásaimh do Mhná a raibh Cónaí orthu i bhForais Áirithe ..... 9

Scéim Íocaíochta Drugaí (DPS) ..... 9

An Scéim um Breoiteacht Fhadtréimhseach ..... 9

3. Cén méid a chlúdaítear le cárta? ..... 10

Dochtúir ginearálta (dochtúir teaghlaigh) agus Ciogal Cúraim Diaibéitis ..... 10

Drugaí, cógais agus fearais leighis ..... 11

Cóireálacha fiaclóireachta ..... 11

Cúram súl ..... 11

Seirbhísí éisteachta ..... 11

Deontas Airgid Máithreachais ..... 11

4. Iarratas a dhéanamh ar chárta ..... 12

Iarratas ar líne ..... 12

Iarratais sa phost ..... 12

5. An tslí a ndéanfaimid d'ioncam agus costais a mheasúnú ..... 14

Cén t-ioncam atá inmheasúnaithe? ..... 14

Measúnú ar íocaíochtaí leasa shóisialta má tá ioncam eile agat ..... 15

Ioncam nach ndéanaimid measúnú air ..... 16

Íocaíochtaí cúitimh nach bhfuil inmheasúnaithe ..... 16

Íocaíochtaí leasa shóisialta agus íocaíochtaí eile ón stát nach gcuirimid san áireamh sa mheasúnú ..... 17

Ioncam cíosa nach ndéanaimid measúnú air ..... 17

An tslí a ndéanfaimid d'ioncam agus costais a ríomh ..... 19

An tslí a ndéanaimid seo a ríomh ..... 19

Teorainneacha don ioncam seachtainiúil i gcás bunrátaí ..... 20

Méideanna i gcás leanaí cleithiúnacha ..... 21

Ioncam a mheasúnú i gcás daoine féinfhostaithe .... 22
Na leathanaigh ar fad de d’Fhógra Measúnachta .... 22
Mura bhfuil aon Ghlandliteanas Cánach ann .... 22
Ioncam ó fhéinfhostaíocht atá luaite agat ar an bhfoirm P21 .... 23
Gnólachtaí atá oscailte le níos lú ná bliain .... 23
Má tá do ghnólacht tar éis deireadh a chur le trádáil le gairid .... 23
Fógra measúnachta .... 23
An tslí a ndéanfaimid d’ioncam a ríomh bunaithe ar an bhfógra measúnachta .... 23
An tionchar a imríonn pá do chéile/páirtí ar do mheasúnú .... 24
An tslí a ndéanfar do choigilteas a mheasúnú .... 24
An tionchar a bheidh ag liúntais chaipitil trádála ar do mheasúnú .... 24
Más rud é nach bhfuil Achoimre ar Thuairisceán Fhoirm 11 ná fógra measúnachta agat .... 25
Ioncam eile .... 25
Coigilteas agus Infheistíochtaí .... 28
An tslí a ndéanaimid do Choigilteas agus Infheistíochtaí a mheasúnú .... 28
Samplaí; .... 29
Na doiciméid ba cheart duit a chur isteach le d’iarratas .... 29
An tslí a ndéanaimid réadmhaoin seachas áras an teaghlaigh a mheasúnú .... 29
Costais inlamhála .... 30
Amharcfaimis ar gach ceann acu sin thuas ceann ar cheann. .... 31
Cíos .... 31
Morgáiste .... 32
Cosaint morgáiste agus árachas saoil .... 33
Árachas tí .... 33
Cúram leanaí .... 34
Íocaíochtaí cothabhála le duine eile .... 34
Costais as teach altranais nó as altranas príobháideach agus cúram baile .... 34
Taisteal chun na hoibre (iompar poiblí, tiomáint agus comhroinnt carranna) .... 35
Iompar Poiblí .... 35

Tiomáint ..... 35
Comhroinnt carranna ..... 36
6. Iarratais do dhaoine atá 16 bliana - 25 bliain d’aois ..... 37
Má tá Cárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra ag do thuismitheoirí nó caomhnóirí ..... 37
Mura bhfuil Cárta Leighis ná Cárta Cuairte Dochtúra ag do thuismitheoirí nó caomhnóirí agus tú neamhspleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de ..... 37
Má tá tú spleách ar do thuismitheoirí nó caomhnóirí ó thaobh cúrsaí airgeadais de ..... 37
Má tá tú neamhspleách nó spleách ar do thuismitheoirí nó caomhnóirí agus i do chónaí ar shiúl ón áras teaghlaigh ..... 38
7. Iarratasóirí a bhfuil a n-ioncam níos airde ná an tairseach airgeadais cháilitheach ..... 39
8. (a) Do chárta a choinneáil má chláraíonn tú ar scéim ..... 40
Cé acu scéimeanna atá ceadaithe? ..... 40
Má théann mo chéile nó páirtí ag obair, cad é a tharlóidh ansin? ..... 41
Má tá mo chéile nó páirtí ag obair? ..... 41
An féidir liom athrú chuig scéim eile? ..... 41
(b) Do chárta a choinneáil má fhaigheann tú post ..... 42
Má tá mo chéile nó páirtí ag obair? ..... 43
Cad é a tharlóidh nuair a bheidh an tréimhse choinneála trí bliana thart? ..... 43
9. Cén t-athrú a thiocfaidh ar m’incháilitheacht má bhím faoi chúram fadchónaithe? ..... 44
Tithe altranais príobháideacha ..... 44
Seirbhísí fadchónaithe ..... 44
Ionaid chónaithe do leanaí ..... 44
Cúram altramais ..... 44
10. Iarratas a dhéanamh ar chárta faoi rialú an Aontais Eorpaigh ..... 45
Cur isteach ar Chárta Leighis agus Cárta Cuairte Dochtúra ..... 45
Oibrithe trasteorann ..... 46
Oibrithe ar post ..... 46
Pinsinéirí ..... 46
Cleithiúnaithe a bhfuil cónaí orthu in Éirinn ..... 47

Cad é a tharlóidh nuair a dhéanfar measúnú ar m'iarratas faoi rialacháin an Aontais Eorpaigh? ..... 47

Níl mé cinnte an bhfuil mé cáilithe faoi rialacháin an Aontais Eorpaigh ..... 48

11. Athbhreithnithe agus achomhairc ..... 49

Athbhreithniú ar d'iarratas a fháil ..... 49

Achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh ..... 50

An tslí le hachomharc a dhéanamh ..... 51

# 1. Fáilte chuig an treoir seo

Anseo i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, is muidne atá freagrach de réir dlí, faoin Acht Sláinte,

2004, as seirbhísí sláinte a bhainistiú agus a sholáthar. San Aonad Náisiúnta um an gCárta Leighis in FSS, bímid ag cuidiú le daoine le go bhfaighidh siad amach an bhfuil siad incháilithe don chárta leighis nó don chárta cuairte dochtúra. Tá an treoir seo maidir leis an gCárta Leighis agus an Cárta Cuairte Dochtúra curtha le chéile againn le go mbeidh tuiscint agat ar na nithe seo:

- na critéir chun bheith incháilithe
- an méid atá clúdaithe leis na cártaí
- an tslí le hiarratas a dhéanamh
- an tslí a ndéanfar cinneadh ar d'iarratas agus
- an tslí le hachomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh má bhíonn tú míshásta leis.

Tá samplaí curtha ar fáil againn le go mbeidh tuiscint níos fearr agat ar chúrsaí.

Tá an tsiombail seo 👍 in aice le gach sampla.

# 2. Cé atá i dteideal Cárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra a fháil?

Is féidir le haon daoine a bhfuil 'gnáthchónaí' orthu i bPoblacht na hÉireann cur isteach ar an gCárta Leighis nó ar an gCárta Cuairte Dochtúra. Áirítear ar na daoine sin teaghlaigh agus daoine singile, idir dhaoine atá ag obair go lánaimseartha, go páirtaimseartha agus daoine nach bhfuil ag obair. Is éard atá i gceist le 'gnáthchónaí' ná go bhfuil cónaí ort anseo agus go bhfuil sé i gceist agat a bheith i do chónaí anseo go ceann bliana ar a laghad. Mar chuid de d'iarratas, beidh ort fianaise a chur ar fáil go bhfuil áit chónaithe agat féin nó ar cíos agat agus gurb é d'áras teaghlaigh é.

**Más mac léinn thú**

Más mac léinn thú atá ag staidéar thar lear, caithfidh tú filleadh ar Éirinn uair sa tseachtain ar a laghad le go gcaithfear leat mar dhuine a bhfuil gnáthchónaí ort in Éirinn. Seans go mbeidh ort fianaise a chur ar fáil mar chuid de d'iarratas, ticéid aerthaistil cuir i gcás.

**Más saoránach nach ón Aontas Eorpach/Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná ón Eilvéis thú**

D'fhéadfaimis teagmháil a dhéanamh le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann chun cóipeanna de dhoiciméid a fháil leis an méid seo a leanas a chruthú:

- go bhfuil gnáthchónaí ortsa agus ar do chleithiúnaithe anseo **nó**
- go bhfuil cead agat de réir do víosa iarratas a dhéanamh ar an gCárta Leighis nó ar an gCárta Cuairte Dochtúra.

## Cé atá incháilithe chun an Cárta Leighis nó an Cárta Cuairte Dochtúra a fháil?

Beidh tú in ann an Cárta Leighis nó an Cárta Cuairte Dochtúra a fháil sna cúinsí seo.

- Má dhéanann tú na riachtanais ó thaobh ioncaim de a chomhlíonadh nuair a dhéanfar do chúrsaí airgid, sin ioncam agus eisíocaíochtaí, a mheasúnú.
- Más rud é go bhfuil riocht nó riochtaí sláinte ort a fhágann go mbíonn sé deacair ort íoc as cúram sláinte, fiú mura ndéanann tú na riachtanais ó thaobh ioncaim de a chomhlíonadh. Déanfaidh an tAonad Náisiúnta um an gCárta Leighis do chás a mheas chun cinneadh a dhéanamh ar chóir duit an Cárta Leighis nó an Cárta Cuairte Dochtúra a fháil. **Cárta lánroghnach** a thugtar air seo go minic.
- Más rud é go bhfuil tú cáilithe go huathoibríoch agus gan ort tástáil acmhainne a dhéanamh. Á gcur san áireamh sa chatagóir seo tá:
    - Daoine atá páirteach i scéimeanna áirithe oibre de chuid an rialtais nó atá ag filleadh ar an obair
    - Daoine áirithe atá buailte ag iarmhairtí an druga tailidimíd
      Beidh tú cáilithe go huathoibríoch más rud é go nglacadh do mháthair tailidimíd nuair a bhí sí torrach leat má bhí cónaí uirthi in Éirinn ag an am agus má tá an druga sin tar éis dul i bhfeidhm ort. Más rud é go raibh do mháthair ina cónaí in áit éigin eile seachas Éire nuair a ghlacadh sí an druga, ní bheidh tú cáilithe go huathoibríoch agus beidh ort dul faoi mheasúnú iomlán ar acmhainní.
    - Mná atá buailte ag simfiseatóime
    - Leanaí faoi bhun 18 mbliana a bhfuil diagnóis ailse faighte acu le cúig bliana anuas ○ Leanaí atá faoi chúram altramais nó cónaithe ○ Daoine atá cáilithe faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh ○ Leanaí a bhfaigheann a tuismitheoirí Liúntas Cúraim Baile dóibh
    - An Cárta Cuairte Dochtúra do dhaoine a fhaigheann Liúntas do Chúramóirí nó Sochar Cúramóra.

In aon cheann de na cásanna thuas, tá seans ann nach mbeidh ort dul faoi thástáil acmhainne. Beidh ort iarratas a dhéanamh, áfach, agus b'fhéidir go mbeadh fianaise dhoiciméadach de dhíth orainn.

Más iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta thú atá ag maireachtáil go hiomlán ar íocaíocht faoin soláthar díreach, beidh ort foirm iarratais a chomhlánú agus beidh fianaise dhoiciméadach de dhíth orainn.

**Os cionn 70 bliain d'aois**

Má tá tú 70 bliain d'aois nó os a chionn, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar Chárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra do dhaoine atá os cionn 70 bliain d'aois. Má bhíonn d'ioncam níos airde ná an tairseach airgeadais agus mura mbíonn tú in ann Cárta Leighis a fháil bunaithe ar an measúnú seo, bronnfar Cárta Cuairte Dochtúra do dhaoine atá os cionn 70 bliain d'aois ort. Ní gá duit iarratas eile a chur isteach leis sin a fháil. Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar thairseacha airgeadais ar láithreán gréasáin FSS ar https://www2.hse.ie/documents/1763/over-70s-medical-card-application-form-irish_QtU3ZVu.pdf

Tá an tástáil acmhainne don Chárta Leighis do dhaoine atá os cionn 70 bliain d'aois bunaithe ar ollioncam ó gach foinse seachas:

- Sochair Theaghlaigh arna mbronnadh ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (costais leictreachais agus gháis, ceadúnas teilifíse)
- Liúntas Breosla Saor in Aisce
- Liúntas Tacaíochta Teileafóin
- Liúntas Maireachtála Aonair
- Coigilteas, suas le €36,000 d'iarratasóir singil agus €72,000 do lánúin phósta/in aontíos
- Réadmhaoin bhreise mura bhfuil aon ioncam cíosa á ghiniúint aisti
- Íocaíochtaí Cúitimh/Sásaimh faoi leith

**Leanaí faoi bhun 8 mbliana d'aois**

Féadfaidh leanaí faoi bhun 8 mbliana d'aois Cárta Cuairte Dochtúra a fháil. Clúdaíonn sé seo:

- gach cuairt ar dhochtúir teaghlaigh do linbh
- measúnuithe ar 2 bhliain agus ar 5 bliana d'aois
- an cúram sláinte ar fad do leanaí a bhfuil plúchadh orthu agus

- cúram práinneach dochtúra ghinearálta lasmuigh de ghnáthuaireanta

## Cé na scéimeanna cúraim sláinte eile atá ar fáil?

Tá scéimeanna cúraim sláinte eile ann le go mbeidh an costas as cúram sláinte agus leighis níos inacmhainne ag cách. Ina measc siúd tá:

### An Cárta faoin Acht Sláinte (Leasú)

Má tugadh fuil nó táirgí fola duit in Éirinn agus má tholg tú heipitíteas C uathu, tá tú i dteideal an Chárta faoin Acht Sláinte (Leasú) a fháil chomh maith le réimse seirbhísí. Déan teagmháil leis an oifig sláinte i do cheantar féin leis na sonraí a fháil faoin gcruthúnas doiciméadach a bheidh de dhíth ort chun clárú le cárta a fháil.

### An Scéim Sásaimh do Mhná a raibh Cónaí orthu i bhForais Áirithe

Tugadh reachtaíocht isteach ó mhí Iúil 2015 ar aghaidh le seirbhísí sláinte áirithe a chur ar fáil saor in aisce do chuid mhór ban a glacadh isteach agus a d'oibrigh i bhforais áirithe.

Ní gá duit iarratas a dhéanamh ar an scéim seo. Déanfaimid teagmháil leat nuair a chuirfidh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais muid ar an eolas go bhfuil tú ceadaithe chun bheith mar chuid den scéim.

### Scéim Íocaíochta Drugaí (DPS)

Íoctar cógaiseoirí faoin Scéim Íocaíochta Drugaí chun cógais a sholáthar do dhaoine agus do theaghlaigh nuair a chosnaíonn na cógais níos mó ná costas áirithe gach mí.

### An Scéim um Breoiteacht Fhadtréimhseach

Má tá tú buailte ag ceann amháin nó níos mó ná sin de na cineálacha breoiteachta sonraithe, tá tú i dteideal drugaí, cógais agus fearais áirithe a fháil saor in aisce faoin Scéim um Breoiteacht Fhadtréimhseach. Sin mar a sheasann cúrsaí is cuma cén t-ioncam atá agat. Is féidir foirm iarratais agus eolas breise a fháil ó www.hse.ie nó ón oifig sláinte pobail i do cheantar féin.

# 3. Cén méid a chlúdaítear le cárta?

| **An méid a chlúdaítear leis an gCárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra** | | |
|---|---|---|
| | **Cárta Leighis** | **Cárta Cuairte Dochtúra** |
| Seirbhís dochtúra ghinearálta (dochtúir teaghlaigh) agus<br>Ciogal Cúraim Diaibéitis | ✓ | ✓ |
| Drugaí, cógais agus fearais dá bhfaightear cúiteamh (íoctar an costas ar ais leat) faoin Scéim Seirbhísí Míochaine Ginearálta | ✓ | ✗ |
| Seirbhísí áirithe atá mar chuid de Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta (DTSS) | ✓ | ✗ |
| Seirbhísí agus fearais súl áirithe (seirbhísí oftalmacha) | ✓ | ✗ |
| Seirbhísí agus fearais éisteachta áirithe (seirbhísí cluaise) | ✓ | ✗ |
| Deontas Airgid Máithreachais | ✓ | ✗ |

Tá eolas níos mionsonraithe thíos ar gach ceann de na seirbhísí agus fearais atá luaite thuas.

### Dochtúir ginearálta (dochtúir teaghlaigh) agus Ciogal Cúraim Diaibéitis

Ní bheidh ort íoc as na seirbhísí a chuireann do dhochtúir teaghlaigh ar fáil, a chuimsíonn an Ciogal Cúraim Diaibéitis do dhaoine atá os cionn 18 mbliana a bhfuil diaibéiteas chineál 2 orthu.

Caithfear conradh a bheith ag do dhochtúir teaghlaigh le seirbhísí a sholáthar do dhaoine a bhfuil an Cárta

Leighis acu. Mura bhfuil, ní bheidh tú in ann clárú leis an dochtúir ginearálta sin chun seirbhísí a fháil faoin gcárta leighis.

## Drugaí, cógais agus fearais leighis

Beidh táille don oideas ag baint le gach rud a fhodháilfear do gach duine nó gach teaghlach, é sin suas le méid uasta gach mí.

## Cóireálacha fiaclóireachta

Má tá tú incháilithe leis an gCárta Leighis a fháil, is féidir leat seirbhísí fiaclóireachta áirithe a fháil faoi Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta (DTSS). Samplaí de na seirbhísí sin: tástáil béil, fiaclóireacht athchóiritheach mar chuid de chóireáil éigeandála, stoitheadh agus cíor fiacla. Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar sheirbhísí fiaclóireachta ón oifig sláinte pobail i do cheantar féin.

## Cúram súl

Má bhíonn an Cárta Leighis agat, féadfaidh tú cóireálacha súl áirithe a fháil ó optaiméadraithe nó oftailmeolaithe (dochtúirí súl), iad seo ina measc:

- tástálacha súl
- spéaclaí ordaithe áirithe agus fearais súl áirithe eile.

## Seirbhísí éisteachta

Má bhíonn an Cárta Leighis agat, féadfaidh tú na seirbhísí seo a fháil:

- tástálacha éisteachta
- áiseanna éisteachta
- deisiúcháin ar áiseanna éisteachta.

## Deontas Airgid Máithreachais

Má bhíonn an Cárta Leighis agat, féadfaidh tú an Deontas Airgid Máithreachais de €10.16 a fháil nuair a bheirtear leanbh duit. Tá tú ina theideal seo, ach caithfidh tú iarratas a dhéanamh air lena fháil.

**Tuilleadh eolais uait?**

Má bhíonn tuilleadh eolais de dhíth ort ar na seirbhísí atá luaite thuas, déan teagmháil leis an oifig sláinte pobail i do cheantar féin.

# 4. Iarratas a dhéanamh ar chárta

## Iarratas ar líne

An chaoi is gasta leis an gCárta Leighis nó an Cárta Cuairte Dochtúra a fháil ná iarratas a dhéanamh ar líne ar www.mymedicalcard.ie.

I gcás na ndaoine a bheidh mar chuid den iarratas, beidh ort na sonraí seo a leanas a thabhairt:

- uimhreacha PSP
- dátaí breithe
- sonraí ioncaim agus caiteachais

Seiceáil an t-eolas ar fad le bheith cinnte go bhfuil sé cruinn agus uaslódáil na doiciméid tacaíochta go léir.

## Iarratais sa phost

Lean na ceithre chéim seo le hiarratas a dhéanamh ar an gcárta leighis sa phost.

1. Bealaí chun an fhoirm a fháil:

   ○ an fhoirm a íoslódáil i mBéarla nó i nGaeilge ó

   www.hse.ie/eng/cardsschemes/medical-card/how-to-apply/ **nó** ○ scairt a chur

   orainn ar 0818 22 44 78 chun iarraidh orainn foirm a chur chugat sa phost.

2. Ba chóir an fhoirm a léamh agus, má bhíonn aon cheisteanna agat faoin bhfoirm, scairt a chur orainn **sula** ndéanann tú í a chomhlánú. Úsáid an uimhir ó chéim 1.

3. Cuir isteach an t-eolas cuí ar fad.

4. Seiceáil an méid atá scríofa agat agus cuir an fhoirm chomhlánaithe agus na doiciméid tacaíochta go léir ar ais chugainn:

   **An tAonad Náisiúnta um an gCárta Leighis**
   **Bosca PO 11745**
   **Baile Átha Cliath 11**
   **D11 XKF3**

**Am a shábháil duit féin**

Déanfaimid d’fhoirm iarratais a phróiseáil taobh istigh de 15 lá oibre má thugann tú an t-eolas cuí agus na doiciméid tacaíochta ar fad dúinn.

# 5. An tslí a ndéanfaimid d’ioncam agus costais a mheasúnú

Nuair a dhéanfaidh tú iarratas ar an gCárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra, déanfaimid d’ioncam a mheasúnú lena fháil amach an mbeifeá cáilithe le cárta a fháil. Má tá céile nó páirtí agat, déanfaimid ioncam na beirte a mheas le chéile.

Má bhíonn do chuid acmhainní ar leibhéal níos airde ná Treoirlínte Airgeadais FSS chun bheith cáilithe leis an gCárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra a fháil, b’fhéidir go ndéanfaimis do chás sóisialta agus leighis féin a mheas chun cinneadh a dhéanamh faoina mbeadh an-deacracht agat íoc as cúram leighis duit féin agus do do theaghlach.

Nuair a dhéanfaimid d’ioncam a mheasúnú, déanfaimid dhá chatagóir de:

- ioncam inmheasúnaithe
- ioncam neamh-inmheasúnaithe.

Cuirfimid ioncam inmheasúnaithe san áireamh sa tástáil acmhainne. Ní chuirfimid ioncam neamh-inmheasúnaithe san áireamh sa tástáil acmhainne.

**An ó íocaíochtaí leasa shóisialta an t-ioncam ar fad atá agat nó cuid de?**

Más ó íocaíochtaí leasa shóisialta a fhaigheann tú an t-ioncam **ar fad** atá agat, gheobhaidh tú an Cárta Leighis, fiú má bhíonn an t-ioncam sin níos airde ná an tairseach ioncaim.

Má fhaigheann tú íocaíocht leasa shóisialta atá níos ísle ná an ráta uasta seachtainiúil, beidh ort míniú a thabhairt ar an gcúis a fhaigheann tú íocaíocht atá ar leibhéal níos ísle. Más rud é gur mar gheall ar ioncam eile an chúis, beidh ort fianaise faoin ioncam eile sin a chur ar fáil.

## Cén t-ioncam atá inmheasúnaithe?

Tá na cineálacha seo ioncaim inmheasúnaithe.

- Pá, ioncam má tá tú féinfhostaithe nó ioncam ó phinsin
- Ioncam ó tháillí nó ó choimisiúin
- Ioncam ó oifig nó stiúrthóireacht a bheith agat, mar shampla íocaíocht le comhalta boird seachas speansais

- Ioncam ó ríchíosanna agus blianachtaí
- Íocaíochtaí faoi shocraíocht nó cúnant (comhaontú), nó íocaíochtaí ó eastát
- Ioncam cíosa ó réadmhaoin seachas an t-áras teaghlaigh, costais asbhainte
- Coigilteas agus infheistíochtaí
- Íocaíochtaí slándála sóisialta ó thír nach bhfuil san Aontas Eorpach
- Íocaíochtaí áirithe leasa shóisialta
- Luach réadmhaoine, seachas an t-áras teaghlaigh, a mbeifí in ann í a ligean ar léas nó a dhíol
- Íocaíochtaí cothabhála
- Scoláireachtaí agus Stipinní (tá díolúine ann i gcás stipinní oideachais d'iarratasóirí a fhaigheann Liúntas

  Míchumais suas le €20,000 ar a mhéad sa bhliain ar feadh 4 bliana)

## Measúnú ar íocaíochtaí leasa shóisialta má tá ioncam eile agat

Más ó íocaíochtaí leasa shóisialta **agus** ó fhoinsí eile an t-ioncam atá agat, déanfar cuid de d'íocaíochtaí leasa shóisialta a mheasúnú.

| | |
|---|---|
| Sochar Uchtaíoch | Pinsean Easláine |
| Pinsean na nDall | Liúntas Cuardaitheora Poist |
| Sochar Cúramóra | Sochar Cuardaitheora Poist |
| Liúntas Míchumais | Sochar Máithreachais |
| Sochar Sábháilteachta agus Sláinte | Sochar Atharthachta |
| Scéim Cúnaimh Dhaonnúil | Sochar Teaghlaigh Aontuismitheora |
| Sochar Breoiteachta | Pinsean Dílleachta |
| Forlíonadh Éagumais | Pinsean Stáit — Ranníocach |
| Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh – Ranníocach | Pinsean Stáit — Neamhranníocach |
| Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh – Neamhranníocach | |

| | |
|---|---|
| | |

Seo a leanas achoimre ar ioncam a) **nach** ndéanaimid measúnú air agus b) ioncam a ndéanaimid measúnú air.

## Ioncam nach ndéanaimid measúnú air

Tá na cineálacha íocaíochta seo neamh-inmheasúnaithe

- Íocaíochtaí cúitimh áirithe
- Íocaíochtaí áirithe leasa shóisialta
- Ioncam cíosa áirithe

### Íocaíochtaí cúitimh nach bhfuil inmheasúnaithe

- Íocaíochtaí cúitimh le daoine atá tar éis heipitíteas C a tholgadh ó tháirgí fola éillithe i bPoblacht na hÉireann, mar aon le hioncam ó infheistiú an airgid sin.
- Íocaíochtaí cúitimh arna n-íoc ag an mBord Sásaimh d'Fhorais Chónaithe.
- Aisíocaíochtaí forordaithe faoi alt 8 den Acht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006, arna n-íoc:

  ○ le duine atá beo ○ le céile nó iarchéile duine iomchuí atá beo nó éagtha,

  nó ○ le leanbh beo do dhuine iomchuí de bhua alt 9 (8).
- Íocaíochtaí ex-gratia (breise) arna gceadú ag Bord Sásaimh Ospidéal Mhuire Lourdes faoi théarmaí Scéim Sásaimh Ospidéal Mhuire Lourdes, 2007.

- Íocaíochtaí cúitimh atá iníoctha faoin Acht um Shásamh do Mhná a Raibh Cónaí Orthu i bhForais Áirithe, 2015.

### Íocaíochtaí leasa shóisialta agus íocaíochtaí eile ón stát nach gcuirimid san áireamh sa mheasúnú

| | |
|---|---|
| Liúntas Leas na nDall | Íocaíocht bhreise intéirneachta |
| Liúntas do Chúramóirí | Liúntas Oileáin |
| Deontas Tacaíochta Cúramóra | Méadú sa Liúntas um Chónaí Aonair |
| Sochar Linbh | Liúntas Luaineachta |
| Liúntas Cúraim Baile | Liúntas 80 Bliain d'Aois |
| Cinntiú gur fiú an obair an Luach Saothair do dhaoine a fhaigheann Liúntas Míchumais | Liúntas Cothaithe Athshlánaithe |
| Íocaíocht do Theaghlach i bhFostaíocht | Liúntas Caighdeánaithe Náisiúnta Iarchúraim |
| Liúntas Cúraim Chothaithe | Liúntas Leasa Forlíontach |
| Liúntas Breosla | Deontas SUSI. |
| Íocaíochtaí Caomhnóra | Stipinn Oideachais do dhaoine a fhaigheann Liúntas Míchumais (suas le €20,000 ar a mhéad sa bhliain ar feadh 4 bliana) |

### Ioncam cíosa nach ndéanaimid measúnú air

- Íocaíocht Aitheantais Cóiríochta (as iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ón Úcráin a óstáil)
- Seomra ar cíos, suas le €14,000 sa bhliain ar a mhéad

## Ioncam a ndéanaimid measúnú air

### Pá

Ní mór duit duillín pá a thabhairt mar chruthúnas ar phá. Ní mór don dáta ar an duillín pá a bheith sa tréimhse trí mhí díreach roimh an dáta a fhaightear d'iarratas. Ní féidir linn

glacadh le foirm P60 ach amháin sa chéad trí mhí den bhliain toisc nach ndéantar tagairt ar P60 ach don mhéid a thuill duine sa bhliain roimhe.

### Obair ócáideach más rud é go bhfaigheann an duine liúntas cuardaitheora poist páirtaimseartha

Más oibrí ócáideach thú a fhaigheann liúntas cuardaitheora poist páirtaimseartha, déanfaimid do phá a ríomh bunaithe ar an meánphá a thuill tú agus ar an meánráta don íocaíocht cuardaitheora poist.

### Pinsin phríobháideacha agus pinsin cheirde

Má tá pinsean príobháideach nó pinsean ceirde agat, caithfidh tú duillín pá a sholáthar mar chruthúnas ar an méid a íoctar leat. Ní mór don dáta ar an duillín pá a bheith sa tréimhse 12 mhí díreach roimh dúinn d’iarratas a fháil. Ní féidir linn glacadh le P60 ach don bhliain féilire is déanaí.

### Íocaíochtaí cothabhála

Má fhaigheann tú íocaíocht chothabhála, ní mór duit fianaise ar an íocaíocht sin a chur ar fáil. An fhianaise atá inghlactha ná ordú cúirte reatha **nó** comhaontú cothabhála ina dtugtar an méid atá i gceist.

Más rud é go bhfuil do chomhaontú cothabhála ann le níos lú ná 12 mhí, beimid in ann glacadh leis. Má tá sé ann le tréimhse níos faide ná 12 mhí, beidh ort ceann de na nithe seo a chur ar fáil mar fhianaise ar an méid a fhaigheann tú:

- ráiteas bainc agus dáta air ón tréimhse le trí mhí anuas ar a dtugtar na trí íocaíocht is deireanaí, nó
- litir ón duine a íocann na híocaíochtaí cothabhála ina dtugtar eolas ar mhéid agus minicíocht na n-íocaíochtaí.  Ní mór don litir seo a bheith sínithe agus an dáta uirthi ón tréimhse le trí mhí anuas.

### Réadmhaoin (seachas príomháit chónaithe phríobháideach)

**Má tá an réadmhaoin ligthe ar cíos agat**

Má tá an réadmhaoin, ar réadmhaoin eile atá ann seachas do phríomháit chónaithe phríobháideach, ligthe ar cíos le duine eile, ní mór duit an dá dhoiciméad seo a leanas a chur chugainn:

- cóip den chomhaontú tionóntachta
- ráiteas bainc a fuarthas le déanaí, dáta air ón tréimhse le sé mhí anuas agus ainm an tsealbhóra cuntais le feiceáil. Ní mór trí íocaíocht ioncaim cíosa a fuair tú ar a laghad a bheith le feiceáil ar an ráiteas seo, nó an Fógra Measúnachta is déanaí atá faighte agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.

**Mura bhfuil do réadmhaoin bhreise ligthe ar cíos agat**

Mura bhfuil an réadmhaoin bhreise ligthe ar cíos, ní mór duit luacháil ar an réadmhaoin a chur ar fáil, an luacháil sin déanta ag ceantálaí deimhnithe. Déanfar an luacháil seo a mheasúnú faoi na Rialacha maidir le Coigilteas agus Infheistíochtaí.

## An tslí a ndéanfaimid d'ioncam agus costais a ríomh

Is éard atá sa tairseach airgeadais cháilitheach an méid atá tú in ann a thuilleamh sa tseachtain agus tú fós cáilithe le cárta a fháil.

### An tslí a ndéanaimid seo a ríomh

Cuirtear na trí shuim seo a leanas le chéile le do thairseach airgeadais cháilitheach a ríomh:

- bunráta — méid áirithe airgid ag brath ar na cúinsí a bhaineann leat, agus
- an méid do gach leanbh cleithiúnach, agus
- an méid do chostais inlamhála nó ioncam.

Cuirtear na trí shuim le chéile le tairseach airgeadais cháilitheach a thabhairt. Is é atá san fhigiúr seo an méid is mó atá tú in ann a thuilleamh, i ndiaidh cánacha a bhaint (do ghlanioncam seachtainiúil) agus tú fós cáilithe don Chárta Leighis. Mura mbíonn tú cáilithe chun an Cárta Leighis a fháil, déanfaimid measúnú ar do chás go huathoibríoch lena fháil amach an mbeifeá cáilithe chun an Cárta Cuairte Dochtúra a fháil.

Tá cásanna samplacha ag deireadh na rannóige seo.

## Teorainneacha don ioncam seachtainiúil i gcás bunrátaí

| | | |
|---|---|---|
| **Má tá tú faoi bhun 70 bliain d'aois** | | |
| **Duine singil i do chónaí i d'aonar** | | |
| | **Cárta Leighis** | **Cárta Cuairte Dochtúra** |
| Faoi bhun 66 bliain | €184.00 | N/B |
| 66-69 bliain d'aois | €201.50 | N/B |
| Suas le 69 bliain | N/B | €418.00 |
| **Má tá tú 70 bliain d'aois nó os a chionn (an scéim chomhiomlán)** | | |
| | **Cárta Leighis** | **Cárta Cuairte Dochtúra** |
| Duine singil 70 bliain d'aois nó os a chionn | Faoi bhun €550 | Os cionn €550 Cárta Cuairte Dochtúra Uilíoch |
| Lánúin phósta nó i lánúnas atá 70 bliain d'aois nó os a chionn | Faoi bhun €1050 | Os cionn €1050 Cárta Cuairte Dochtúra Uilíoch |
| **Duine singil i do chónaí le baill teaghlaigh** | | |
| | **Cárta Leighis** | **Cárta Cuairte Dochtúra** |
| Faoi bhun 66 bliain | €164.00 | N/B |

| | | |
|---|---|---|
| 66 bliain d'aois nó os a chionn | €173.50 | N/B |
| Suas le 69 bliain | N/B | €373.00 |

| **Lánúineacha pósta / lánúineacha i lánúnas nó teaghlaigh aontuismitheora a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu** | | |
|---|---|---|
| | **Cárta Leighis** | **Cárta Cuairte Dochtúra** |
| Faoi bhun 66 bliain | €266.50 | N/B |
| 66 bliain d'aois nó os a chionn | €298.00 | N/B |
| Suas le 69 bliain | N/B | €607.00 |

## Méideanna i gcás leanaí cleithiúnacha

| **An méid atá clúdaithe ag an gCárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra i gcás leanaí cleithiúnacha** | | |
|---|---|---|
| | **Cárta Leighis** | **Cárta Cuairte Dochtúra** |
| An chéad bheirt leanaí atá faoi bhun 16 bliana d'aois agus atá spleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de ar an iarratasóir. | €38.00 | €57.00 |
| Triúr leanaí nó níos mó ná sin atá faoi bhun 16 bliana d'aois agus atá spleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de ar an iarratasóir. | €41.00 | €61.50 |

| | | |
|---|---|---|
| An chéad bheirt leanaí atá os cionn 16 bliana d'aois agus atá spleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de ar an iarratasóir. | €39.00 | €58.50 |
| Triúr leanaí nó níos mó ná sin atá os cionn 16 bliana d'aois agus atá spleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de ar an iarratasóir. | €42.50 | €64.00 |
| Cleithiúnaí atá os cionn 16 bliana d'aois atá in oideachas lánaimseartha tríú leibhéal agus gan deontas aige nó aici. | €78.00 | €117.00 |

## Ioncam a mheasúnú i gcás daoine féinfhostaithe

Beidh fianaise de dhíth orainn ón obair ar fad a dhéanann tú má táimid chun d'ioncam mar dhuine féinfhostaithe a mheasúnú, féinfhostaíocht agus obair d'fhostaithe eile san áireamh.

### Na leathanaigh ar fad de d'Fhógra Measúnachta

Na leathanaigh ar fad den Fhógra Measúnachta is deireanaí a bhí agat **nó** Admháil ón bhFéinmheasúnacht, a bheadh agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Ba chóir go mbeadh Áireamh Táscach ó na Coimisinéirí Ioncaim mar chuid de na leathanaigh seo. Más rud é nár chuir na Coimisinéirí Ioncaim an t-áireamh táscach san áireamh, ba chóir duit cóip den Tuairisceán Cánach Ioncaim (Foirm 11) **deireanach** a chuir tú isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim a chur chugainn.

Má tá tú cláraithe le Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) a úsáid, ba chóir go mbeifeá in ann teacht ar chóipeanna den Fhógra Measúnachta, Admháil go bhFuarthas Measúnacht, Ríomh Táscach na gCoimisinéirí Ioncaim agus Tuairisceán Cánach Ioncaim i do bhosca isteach ar ROS.

### Mura bhfuil aon Ghlandliteanas Cánach ann

Má chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl duit nach bhfuil aon Ghlandliteanas Cánach ort as d'ioncam féinfhostaíochta, ní mór duit sraith cuntas a sholáthar, sínithe ag do chuntasóir.

**Ioncam ó fhéinfhostaíocht atá luaite agat ar an bhfoirm P21**

Más rud é go bhfuil d'ioncam ó fhéinfhostaíocht luaite ar do Ráiteas Cinn Bliana ÍMAT (P21), cuir é sin isteach chugainn. Más rud é go bhfuil tú cláraithe ar myAccount (seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim d'fhostaithe) agus má tá tú cláraithe freisin le do chomhfhreagras a fháil go leictreonach, gheobhaidh tú an ráiteas seo sa rannóg dar teideal Mo Chuid Doiciméad.

## Gnólachtaí atá oscailte le níos lú ná bliain

Más rud é go bhfuil do ghnólacht oscailte le tréimhse níos lú ná bliain, beidh ort sraith cuntas sínithe ag do chuntasóir a chur ar fáil.

## Má tá do ghnólacht tar éis deireadh a chur le trádáil le gairid

Má tá do ghnólacht tar éis deireadh a chur le trádáil le gairid, iarrtar ort litir féindearbhúcháin a chur ar fáil agus an dáta a raibh tú féinfhostaithe go deireanach a thabhairt inti.

### Fógra measúnachta

Más rud é gur chuir tú leagan clóite d'Fhoirm 11 isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim, beidh fógra measúnachta clóite curtha acu chugat.

Tabhair cóip den fhógra sin dúinne. Mura bhfuil sé sin agat, déan teagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim agus iarr cóip orthu. Más rud é gur chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl duit nach bhfuil aon ghlandliteanas cánach ort ó d'ioncam ó fhéinfhostaíocht, cuir chugainn sraith cuntas. Tá sé **riachtanach** go mbeidh an tsraith cuntas seo sínithe ag do chuntasóir.

## An tslí a ndéanfaimid d'ioncam a ríomh bunaithe ar an bhfógra measúnachta

Seo mar a dhéanfaimid d'ioncam a mheasúnú bunaithe ar an bhfógra measúnachta. Tógfaimid eolas ó na painéil ar an bhfógra agus úsáidfimid an t-eolas sin le d'ioncam seachtainiúil a ríomh.

| 👍 **Sampla** | |
|---|---|
| **An t-iomlán ó Phainéal 1** | **€31,264.00** |
| **Méideanna á n-asbhaint againn** | |
| **Painéal 2: Liúntas caipitil trádála**<br>**Painéal 4: Cáin ioncaim iníoctha**<br>**Painéal 6: Tobhaigh ÁSPC/MSU ar iarratasóir**<br>**Painéal 7: Tobhaigh ÁSPC/MSU ar chéile/páirtí** | – €1,504.20<br>– €1,376.60<br>– €1,376.60 – 625.20 |
| **Asbhaintí iomlána** | €4,882.60 |
| **D'ioncam inmheasúnaithe iomlán** | €26,381.40 |
| **D'ioncam inmheasúnaithe seachtainiúil (d'ioncam inmheasúnaithe roinnte ar 52)** | €507.33 |

## An tionchar a imríonn pá do chéile/páirtí ar do mheasúnú

Má tá do chéile/páirtí ag obair agus cáin ÍMAT (íoc mar a thuillir) á híoc ag an duine sin, beidh ort cóip den duillín pá is deireanaí atá aige nó aici a thabhairt dúinn agus dáta air ó na 3 mhí anuas. Úsáidfear an t-eolas ar an duillín pá seo seachas an figiúr ó Phainéal 7 ón bhfógra measúnachta.

## An tslí a ndéanfar do choigilteas a mheasúnú

Má bhíonn ioncam ó choigilteas i bPainéal 1 den fhógra measúnachta, ní úsáidfimid an figiúr sin. Mar mhalairt air sin, úsáidfimid ár measúnú caighdeánach ar choigilteas le do choigilteas a mheasúnú.

## An tionchar a bheidh ag liúntais chaipitil trádála ar do mheasúnú

Is éard is liúntais chaipitil trádála costais agus speansais atá tú in ann a éileamh i gcoinne do bhrabús chun an méid cánach a íocann tú a laghdú. Tugann tú an t-eolas seo do na

Coimisinéirí Ioncaim nuair a dhéanann tú Achoimre ar Thuairisceán Fhoirm 11 a chur isteach. Úsáidfimid an figiúr do na liúntais chaipitil trádála chun d'ioncam inmheasúnaithe a laghdú.

## Más rud é nach bhfuil Achoimre ar Thuairisceán Fhoirm 11 ná fógra measúnachta agat

Más rud é nach bhfuil Achoimre ar Thuairisceán Fhoirm 11 ná fógra measúnachta faighte agat, b'fhéidir go bhfaigheadh FSS sonraí ioncaim ó na cuntais trádála is déanaí atá agat. Má dhéanaimid é sin, glacfaimid leis an mbrabús glan coigeartaithe mar d'ioncam inmheasúnaithe. Is é is brabús glan coigeartaithe ann d'ioncam lúide aon chostais atá ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim.

Iarr sonraí maidir le brabús glan coigeartaithe agus cáin, íocaíochtaí ÁSPC agus íocaíochtaí MSU ar do chuntasóir. Iarr ar an gcuntasóir ceann litreach oifigiúil a úsáid leis an eolas seo a chur i láthair.

## Ioncam eile

Tá seans ann go mbeidh ioncam agat ó fhoinsí nach luaitear anseo. Más rud é go bhfuil, agus más lú an t-ioncam sin ná €3,175, beidh ort ráiteas deireadh bliana P21 a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim.

### Sampla 1

Tá Siobhán 32 bliain d'aois agus tá cónaí uirthi lena hiníon atá 11 bhliain d'aois. Íocann sí cíos €100 gach mí.

| | Cárta Leighis | Cárta Cuairte Dochtúra |
|---|---|---|
| Liúntas bunráta | €266.50 | €607.00 |
| Cleithiúnaí - aon leanbh amháin | €38.00 | €57.00 |
| Cíos seachtainiúil | €23.08 | €23.08 |
| **Tairseach cháilithe theaghlaigh (an t-iomlán as na trí mhír)** | **€327.58** | **€687.08** |

### Sampla 2

Is lánúin phósta iad James agus Ciara, 35 bliain agus 38 bliain d'aois faoi seach. Tá triúr páistí acu, iad 4 bliana, 10 mbliana agus 17 mbliana d'aois

(an páiste atá 17 mbliana sa mheánscoil). Tá morgáiste €967.00 sa mhí acu agus costais taistil €20.00 an duine ag an mbeirt acu. Tá costais cúraim leanaí €50.00 sa tseachtain acu toisc go bhfuil an bheirt tuismitheoirí ag obair.

| | Cárta Leighis | Cárta Cuairte Dochtúra |
|---|---|---|
| Liúntas bunráta | €266.50 | €607.00 |
| Cleithiúnaithe - beirt leanaí faoi 16 bliana | €38.00 + €38.00 | €57.00 + €57.00 |
| Cleithiúnaí - aon leanbh amháin os cionn 16 bliana | €39.00 | €58.50 |
| Morgáiste gach seachtain | €223.15 | €223.15 |
| Taisteal chun na hoibre | €20.00 + €20.00 | €20.00 + €20.00 |
| Cúram leanaí | €50.00 | €50.00 |

| | | |
|---|---|---|
| **Tairseach cháilithe theaghlaigh (an t-iomlán as na sé mhír)** | **€694.65** | **€1092.65** |

## Coigilteas agus Infheistíochtaí

### An tslí a ndéanaimid do Choigilteas agus Infheistíochtaí a mheasúnú

Tá dhá shlí againn le coigilteas agus infheistíochtaí a mheasúnú.

- 1) Is féidir leat Deimhniú Úis a thabhairt dúinn don choigilteas ar fad atá agat, nó 2) Is féidir leat cóipeanna de ráitis bhainc a thabhairt dúinn ar a dtugtar an t-iarmhéid reatha i do chuntas nó cuntais.
- Is féidir linn na rialacha a thugtar anseo a úsáid le d'ioncam seachtainiúil ó choigilteas agus infheistíochtaí a ríomh.
- Má bhíonn stoic/scaireanna ag iarratasóir, beidh cóip de na Scairdheimhnithe reatha de dhíth orainn agus scairshealbha á léiriú ar na deimhnithe sin.

| **Duine singil** | **Ioncam iomlán ó choigilteas agus infheistíochtaí gach seachtain (a luach)** |
|---|---|
| **Suas le €36,000** | Dada |
| **€36,001–€46,000** | €1 gach €1,000 |
| **€46,001–€56,000** | €2 gach €1,000 |
| **Níos mó ná €56,000** | €4 gach €1,000 |

| **Lánúin** | **Luach an ioncaim ó choigilteas agus infheistíochtaí gach seachtain** |
|---|---|
| **Suas le €72,000** | Dada |
| **€72,001–€82,000** | €1 gach €1,000 |
| **€82,001–€92,000** | €2 gach €1,000 |

| | |
|---|---|
| **Níos mó ná €92,000** | €4 gach €1,000 |

**Samplaí;**

**Duine Singil**

Má tá coigilteas €50,000 agat, déanfar do chás a mheasúnú bunaithe ar €14,000 san iomlán. An chúis atá leis sin ná nach gcuirimid an chéad €36,000 de choigilteas san áireamh sa mheasúnú.

Is é €18.00 an t-ioncam seachtainiúil a bheadh agat ón gcoigilteas

- Suas le €36,000 – Nialas
- €36,001 go €46,000 – cuirimid €1 leis do gach €1000 gach seachtain = €10 gach seachtain
- €46,001 go €56,000 – cuirimid €2 leis do gach €1000 gach seachtain = €8 gach seachtain

**Lánúin**

Má tá coigilteas €90,000 agat, déanfar do chás a mheasúnú bunaithe ar €18,000 san iomlán. An chúis atá leis sin ná nach gcuirimid an chéad €72,000 de choigilteas san áireamh sa mheasúnú.

Is é €26.00 an t-ioncam seachtainiúil a bheadh agat ón gcoigilteas

- Suas le €72,000 – Nialas
- €72,001 go €82,000 – cuirimid €1 leis do gach €1000 gach seachtain = €10 gach seachtain
- €82,001 go €90,000 – cuirimid €2 leis do gach €1000 gach seachtain = €16 gach seachtain

## Na doiciméid ba cheart duit a chur isteach le d'iarratas

Iarrtar ort cóipeanna de ráitis bhainc a thabhairt dúinn ar a dtugtar an t-iarmhéid reatha i do chuntas nó cuntais mar fhianaise ar an gcoigilteas agus na hinfheistíochtaí atá agat.

Tá cineálacha eile ioncaim ann, lena n-áirítear socraíochtaí ar nós Coimircí Cúirte, ar féidir iad a chur san áireamh mar ioncam inmheasúnaithe agus caitheamh leo mar choigilteas. Déan teagmháil linn le tuilleadh eolais a fháil.

### An tslí a ndéanaimid réadmhaoin seachas áras an teaghlaigh a mheasúnú

Úsáidimid na rialacha seo a leanas le luach na réadmhaoine a mheasúnú.

| Duine singil | Luach an ioncaim gach seachtain ón réadmhaoin |
|---|---|
| **Suas le €36,000** | Ní dhéantar measúnú air |
| **€36,001–€46,000** | €1 gach €1,000 |

| | |
|---|---|
| **€46,001–€56,000** | €2 gach €1,000 |
| **Níos mó ná €56,000** | €4 gach €1,000 |
| **Lánúin** | **Luach an ioncaim gach seachtain ón réadmhaoin** |
| **Suas le €72,000** | Ní dhéantar measúnú air |
| **€72,001–€82,000** | €1 gach €1,000 |
| **€82,001–€92,000** | €2 gach €1,000 |
| **Níos mó ná €92,000** | €4 gach €1,000 |

Má tá coigilteas, infheistíochtaí agus réadmhaoin agat, ní dhéanfaimid an teorainn neamh-inmheasúnaithe a bhaint den iomlán ach uair amháin.

| **Sampla** | |
|---|---|
| **Duine singil** | |
| Luach coigiltis | €40,000 |
| Luach réadmhaoine | €80,000 |
| Asbhaint don ioncam neamh-inmheasúnaithe | €36,000 |
| An méid iomlán a mbeidh an measúnú bunaithe air | €84,000 |

## Costais inlamhála

Seo na costais inlamhála atá agat.

- Cíos
- Íocaíochtaí morgáiste.
- Íocaíochtaí cosanta morgáiste agus íocaíochtaí árachais saoil i dtaca le cosaint morgáiste.
- Árachas tí.
- Cúram leanaí.

- Íocaíochtaí cothabhála le duine eile.
- Costais le haghaidh teach altranais nó cúram baile.
- Taisteal chun na hoibre.

**Amharcfaimis ar gach ceann acu sin thuas ceann ar cheann.**

### Cíos

**A nglactar leis**

Déanfar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a asbhaint ón bhfigiúr. Má tá cónaí ar bhall teaghlaigh leat agus má chuireann an duine sin airgead i dtreo costais tí, **ní** bhaintear é sin amach as do chíos inlamhála.

**Na doiciméid ba cheart duit a chur isteach le d'iarratas**

Doiciméid a thugann fianaise shoiléir ar an gcíos a íocann tú faoi láthair:

- Litir ó do thiarna talún ina dtugtar sonraí faoin gcíos a íocann tú agus minicíocht na n-íocaíochtaí sin – ní mór don dáta ar an litir sin a bheith ón tréimhse le 3 mhí anuas agus an litir sínithe ag an tiarna talún, **nó**
- **ceann amháin** de na trí dhoiciméad seo a leanas (dáta ar an doiciméad ón tréimhse le 12 mhí anuas):

  ○ comhaontú tionóntachta ○ leabhar cíosa ○ Comhaontú

  Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta **agus**
- ráiteas bainc a fuarthas le déanaí (dáta air ón tréimhse le 6 mhí anuas agus ainm an tsealbhóra cuntais le feiceáil).

**Cibé doiciméad a chuirfidh tú chugainn, caithfidh an méid cíosa a íocadh a bheith le feiceáil air agus 3 íocaíocht i ndiaidh a chéile ann agus dáta orthu ón tréimhse le 6 mhí anuas.**

| 👍 **Sampla** | |
|---|---|
| Cíos seachtainiúil | €120.00 |

| | |
|---|---|
| Forlíonadh cíosa / Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta | – €20.00 |
| An méid cíosa a cheadófar | €100.00 |

## Morgáiste

### A nglactar leis

Glactar le dhá chineál íocaíochta morgáiste.

- Íocaíochtaí réasúnta tar éis liúntas morgáiste agus faoiseamh cánach a asbhaint
- Íocaíochtaí réasúnta i leith talún nó réadmhaoine nach iad an t-áras teaghlaigh iad.

### Na doiciméid ba cheart duit a chur isteach le d'iarratas

Fianaise ar na híocaíochtaí morgáiste atá déanta agat. Cuir chugainn **ceann amháin de na trí** dhoiciméad thíos.

- Litir ó sholáthraí morgáiste agus dáta uirthi ón tréimhse le 3 mhí anuas ina dtugtar méid agus minicíocht na n-aisíocaíochtaí, **nó**
- ráiteas bainc a fuarthas le gairid (dáta taobh istigh de na 6 mhí seo caite agus ainm shealbhóir an chuntais le feiceáil go soiléir ann) ina léirítear an dáta ar íocadh do mhorgáiste le 3 mhí ar a laghad, agus é soiléir gur don mhorgáiste a bhí an íocaíocht **nó**
- ráiteas cuntais morgáiste a fuarthas le gairid (dáta air ón tréimhse le 6 mhí anuas agus ainm an tsealbhóra cuntais le feiceáil ann) agus asbhaintí a tógadh le gairid le feiceáil air.

| ♁ **Sampla** | |
|---|---|
| Costas seachtainiúil an mhorgáiste | €600 |

| | |
|---|---|
| Faoiseamh cánach | €50 |
| Liúntas morgáiste | €550 |

## Cosaint morgáiste agus árachas saoil

**A nglactar leis**

- Íocaíochtaí réasúnta ar pholasaí cosanta morgáiste
- Íocaíochtaí réasúnta ar pholasaí árachais saoil le haghaidh cosaint morgáiste.

**Na doiciméid ba cheart duit a chur isteach le d'iarratas**

Fianaise ar na híocaíochtaí cosanta morgáiste atá déanta agat. Cuir chugainn ceann amháin den dá dhoiciméad thíos.

- Litir bhliantúil ó sholáthraí na cosanta agus sonraí inti ar an méid a íocann tú leo agus ar mhinicíocht na n-íocaíochtaí. Ba chóir don dáta ar an litir seo a bheith ón tréimhse le 12 mhí anuas, **nó**
- ráiteas bainc a fuarthas ar na mallaibh ina léirítear cásanna d'íocaíocht cosanta morgáiste á ndéanamh ar feadh 3 mhí ar a laghad (agus dáta an ráitis sin taobh istigh den tréimhse le 6 mhí anuas). **Más rud é nach léir gur le haghaidh cosaint morgáiste atá na híocaíochtaí ar an ráiteas bainc, caithfidh tú litir ón soláthraí árachais a chur chugainn agus deimhniú á thabhairt sa litir ar an gcúis atá leis an gclúdach**.

## Árachas tí

**A nglactar leis**

Íocaíochtaí réasúnta ar pholasaí árachais baile.

**Na doiciméid ba cheart duit a chur isteach le d'iarratas**

Fianaise ar árachas baile. Cuir chugainn **ceann amháin** de na ceithre dhoiciméad thíos.

- Litir bhliantúil ó sholáthraí árachais ina dtugtar an méid agus minicíocht na n-aisíocaíochtaí
  (ba chóir don dáta ar an litir seo a bheith
  ón tréimhse le 12 mhí anuas) **nó**

- ráiteas bainc a fuarthas le gairid ina dtugtar cásanna den íocaíocht cosanta morgáiste á ndéanamh ar feadh 3 mhí ar a laghad (agus dáta an ráitis sin taobh istigh den tréimhse le 6 mhí anuas).

**Más rud é nach léir gur íocaíochtaí as árachas tí iad na híocaíochtaí ar an ráiteas bainc, caithfidh tú litir ón soláthraí árachais a chur chugainn chun an chúis leis an gclúdach árachais a dheimhniú, nó**

- deimhniú a fuarthas le gairid ón soláthraí árachais le híocaíocht a dheimhniú **nó**
- ráiteas bainc ina léirítear íocaíocht – an ráiteas bainc seo ón tréimhse le 6 mhí anuas.

## Cúram leanaí

### A nglactar leis

Má tá na tuismitheoirí nó caomhnóirí ag obair, i mbun staidéir nó faoi oiliúint, cuirtear costais cúraim leanaí san áireamh.

Más rud é go bhfuil riachtanais bhreise ag do theaghlach, déanfar iad sin a mheas freisin.

**Na doiciméid ba cheart duit a chur leis an iarratas mar fhianaise ar an méid a íocann tú as cúram leanaí:**

 litir ón soláthraí cúraim leanaí atá agat dar dáta le 3 mhí anuas ina dtugtar an costas seachtainiúil nó míosúil as cúram leanaí.

## Íocaíochtaí cothabhála le duine eile

Má dhíolann tú íocaíochtaí cothabhála, cuirtear iad san áireamh i do chuid costas.

### Na doiciméid ba cheart duit a chur isteach le d'iarratas

- Cóip den chomhaontú cothabhála reatha nó
- litir ón duine a fhaigheann an íocaíocht chothabhála – ní mór don duine sin síniú agus dáta a chur ar an litir seo. Caithfear méid agus minicíocht na n-íocaíochtaí a bheith sa litir.

## Costais as teach altranais nó as altranas príobháideach agus cúram baile

**Ní bhaineann sé seo ach leis an iarratasóir nó céile atá ainmnithe san iarratas.**

Aon mhéid a íocfaidh FSS i dtreo na gcostas seo, déanfar iad a asbhaint ó na costais inlamhála atá agat.

**Na doiciméid ba cheart duit a chur isteach le d'iarratas**

- Litir a fuarthas le deireanas ón teach altranais le híocaíocht a dheimhniú, nó
- admháil ón teach altranais – ní mór don admháil seo a bheith ón tréimhse le trí mhí anuas.

Más ó leas sóisialta nó liúntais agus íocaíochtaí FSS an t-ioncam ar fad atá agat, gheobhaidh tú Cárta Leighis, fiú má bhíonn d'ioncam níos airde ná an tairseach airgeadais cháilitheach.

| **Sampla** | |
|---|---|
| Costas seachtainiúil don teach altranais, altra príobháideach nó cúram baile | €150 |
| Ranníocaíocht FSS leis an gcostas seo | €50 |
| An méid a cheadófar | €100 |

## Taisteal chun na hoibre (iompar poiblí, tiomáint agus comhroinnt carranna)

### Iompar Poiblí

**A nglactar leis**

Na costais a bhíonn le híoc agat as taisteal chun na hoibre ar iompar poiblí

**Na doiciméid ba cheart duit a chur isteach le d'iarratas**
Admhálacha iompair phoiblí

### Tiomáint

**A nglactar leis**

Costais as tiomáint chun na hoibre i gcarr príobháideach. Déanfar na nithe seo a leanas a mheas:

- an líon laethanta a bhíonn tú ag obair gach seachtain
- an t-achar idir d'áit chónaithe agus d'áit oibre – déanfar é sin a mheas ar luach 18c an km.

Tá sé riachtanach gur leatsa nó le do pháirtí an fheithicil a úsáideann tú. Má chuireann d'fhostóir feithicil ar fáil duit, carr nó veain, cuir i gcás, ní féidir leat costais taistil a chur san áireamh.

Má bhíonn tú féin agus do pháirtí ag tiomáint chun na hoibre in dhá charr éagsúla, féadfaidh tú speansais don dá fheithicil a chur san áireamh le d'iarratas.

**Na doiciméid ba cheart duit a chur isteach le d'iarratas**

Cóip den deimhniú clárúcháin don fheithicil. Má úsáideann tú níos mó ná feithicil amháin, tabhair cóip den deimhniú a bhaineann le gach feithicil.

## Comhroinnt carranna

**A nglactar leis**

Ranníocaíochtaí réasúnta le haghaidh comhroinnt carranna

**Na doiciméid ba cheart duit a chur isteach le d'iarratas**

Litir nó doiciméad eile a léiríonn an méid a íocann tú agus chomh minic a íocann tú é.

# 6. Iarratais do dhaoine atá 16 bliana - 25 bliain d’aois

Má tá tú curtha san áireamh ar Chárta Leighis reatha nó Cárta Cuairte Dochtúra reatha do theaghlaigh, cuirfimid do chárta féin chugat nuair a bheidh tú 16 bliana d’aois (a bheidh bailí go dáta éaga chárta do thuismitheora nó do chaomhnóra). Déanfar do chás a mheasúnú ina dhiaidh sin bunaithe ar do stádas ó thaobh cúrsaí airgeadais de, neamhspleách nó spleách.

## Má tá Cárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra ag do thuismitheoirí nó caomhnóirí

Má tá tú spleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de ar do thuismitheoirí nó caomhnóirí, déanfar measúnú ar acmhainní do thuismitheoirí nó caomhnóirí.

## Mura bhfuil Cárta Leighis ná Cárta Cuairte Dochtúra ag do thuismitheoirí nó caomhnóirí agus tú neamhspleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de

Má tá tú neamhspleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar an gCárta Leighis nó ar an gCárta Cuairte Dochtúra i do cheart féin agus déanfar an t-iarratas a mheasúnú i do cheart féin. Mar sin, más rud é nach bhfuil Cárta Leighis ná Cárta Cuairte Dochtúra ag do thuismitheoirí nó caomhnóirí agus go bhfuil tú neamhspleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar chárta agus beidh an cinneadh neamhspleách ar stádas incháilitheachta do thuismitheoirí nó caomhnóirí.

## Má tá tú spleách ar do thuismitheoirí nó caomhnóirí ó thaobh cúrsaí airgeadais de

Más rud é go bhfuil tú spleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de ar do thuismitheoirí nó caomhnóirí agus mura bhfuil siadsan cáilithe go huathoibríoch le cárta leighis ná cárta cuairte dochtúra a fháil ar chúis faoi leith, ní mór do FSS, in aon íocaíocht lánroghnach, na cúinsí leighis faoi leith a mheas i gcomhthéacs acmhainní do thuismitheoirí nó caomhnóirí (nó a mhalairt). Fágann sé seo go gcaithfidh tú féin agus do thuismitheoirí iarratas a

dhéanamh ar chárta, ach déanfaidh Oifigigh Leighis de chuid FSS athbhreithniú ar aon fhaisnéis leighis faoi leith a thabharfar (mar a dhéanann siad i ngach cás) agus déanfaidh siad moladh pearsantaithe (mar a dhéanann siad i ngach moladh lánroghnach).

## Má tá tú neamhspleách nó spleách ar do thuismitheoirí nó caomhnóirí agus i do chónaí ar shiúl ón áras teaghlaigh

Más rud é go bhfuil cónaí ort ar shiúl ó áras an teaghlaigh ach go bhfuil gnáthchónaí ort i bPoblacht na hÉireann, ba chóir duit dochtúir teaghlaigh a lua ar an iarratas atá cóngarach don áit a bhfuil cónaí ort an chuid is mó den bhliain, seachas cóngarach don áit a bhfuil cónaí ar do theaghlach, agus cuirfear na modhanna measúnaithe thuas i gcrích.

# 7. Iarratasóirí a bhfuil a n-ioncam níos airde ná an tairseach airgeadais cháilitheach

Tá seans ann go mbeidh tú fós in ann éileamh a dhéanamh ar an gCárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra, fiú má tá d'ioncam níos airde ná an teorainn.

Más é nach bhfuil tú cáilithe le cárta a fháil bunaithe ar thástáil acmhainne, féadfaidh FSS an cheist a mheas an socrú cóir réasúnach é go mbeadh ort íoc as na riachtanais leighis agus sláinte atá agat féin nó ag do theaghlach in ainneoin an ioncaim atá agat. Cárta lánroghnach a thugtar air seo go minic. Ní dhéanfá iarratas air seo, de ghnáth, go dtí go mbeifí tar éis diúltú do d'iarratas go díreach ar chúiseanna ioncaim.

Má dhéanann tú iarratas ar chárta lánroghnach, déanfaidh oifigigh leighis d'iarratas a mheas chun teacht ar chinneadh faoinar chóir an Cárta Leighis nó an Cárta Cuairte Dochtúra a thabhairt duit.

Déanfaidh an tOifigeach Leighis do chás a mheas le cinneadh a dhéanamh an dócha go mbeifeá faoi chruatan airgeadais iomarcach dá mbeadh ort íoc as billí leighis duit féin nó d'aon chleithiúnaithe atá agat. Cuirfidh an tOifigeach meascán rudaí san áireamh, cuir i gcás an costas as cuairteanna ar an dochtúir teaghlaigh, seirbhísí leighis agus seirbhísí máinliachta duitse agus d'aon chleithiúnaithe atá agat.

Sula gcuirtear cinneadh an oifigigh leighis in iúl duit, déanfaidh oifigeach breithiúnachta athbhreithniú air. Déanfaidh an t-oifigeach sin do chúinsí airgeadais agus leighis a mheas chomh maith.

**D'fhéadfadh an tAonad Náisiúnta um an gCárta Leighis tuilleadh eolais a fháil ó na gairmithe sláinte a bhíonn ag plé leat, mar shampla:**

| | |
|---|---|
| - Do dhochtúir teaghlaigh<br>- Dochtúirí ospidéil a bhfuil tú faoina gcúram<br>- D'altra sláinte poiblí | - D'oibrí sóisialta<br>- Do sholáthraithe seirbhíse teiripe<br>- Do chógaiseoir. |

# 8. (a) Do chárta a choinneáil má chláraíonn tú ar scéim

## Cé acu scéimeanna atá ceadaithe?

| | |
|---|---|
| ☐ Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas | ☐ Tionscnamh Poist |
| ☐ Liúntas chun Filleadh ar Obair | ☐ Cúrsaí sa tSeirbhís Fostaíochta Áitiúla |
| ☐ Liúntas Fiontair chun Filleadh ar Obair | ☐ Rogha an oideachais pháirtaimseartha |
| ☐ Fostaíocht Phobail | ☐ Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha |
| ☐ Clár Seirbhísí Pobail | ☐ Cúnamh Poist na gCoimisinéirí Ioncaim |
| ☐ Rogha Oideachais, Oiliúna agus Forbartha | ☐ Scéim Shóisialta Tuaithe |
| ☐ Cúrsaí le Fáilte Éireann agus Teagasc | ☐ Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) |
| ☐ Cúrsaí SOLAS nach printíseachtaí iad | ☐ Ógtheagmháil |
| | ☐ Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige (YESS). |
| | ☐ |

Má tá tú mar pháirt de scéim, mura bhfuil an Cárta Leighis agat agus más rud é go mbeifeá i dteideal cárta a fháil sular tháinig tú isteach sa scéim, ba chóir duit iarratas a dhéanamh ar chárta. Ba chóir go mbeadh cárta ag do chleithiúnaithe aosta agus ag do leanaí cleithiúnacha go dtí go mbeidh tú réidh leis an scéim.

I gcás iarratasóirí atá ag glacadh le post faoi Scéim Fóirdheontais Pá, tá siadsan i dteideal a gcárta a choinneáil go ceann trí bliana ón dáta tosaithe. Agus na trí bliana sin istigh, beidh gnáthrialacha an mheasúnaithe i bhfeidhm, mar an gcéanna le daoine atá ag obair go lánaimseartha i bhfostaíocht íoctha.

## Má théann mo chéile nó páirtí ag obair, cad é a tharlóidh ansin?

Má tá cárta agat agus má théann do chéile nó páirtí, atá spleách ort, ag obair, coinneoidh tú féin agus do theaghlach an cárta go dtí an dáta athnuachana.

## Má tá mo chéile nó páirtí ag obair?

I gcás aon chleithiúnaithe atá ag duine atá clúdaithe faoin scéim agus atá spleách ar an duine sin ó thaobh cúrsaí airgeadais de, idir dhaoine fásta agus leanaí, beidh siadsan cáilithe leis an gCárta Leighis a fháil. Mar sin féin, i gcásanna ina bhfuil céile/páirtí an duine incháilithe atá clúdaithe faoin scéim neamhspleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de, ní ghlactar leis go mbeidh na cleithiúnaithe sa teaghlach sin iomlán spleách ar an duine incháilithe.

## An féidir liom athrú chuig scéim eile?

Má tá cárta agat agus má bhogann tú ó scéim amháin go scéim eile, féadfaidh tú do chárta a choinneáil fad a mhairfidh an scéim.

Má fhágann tú an scéim sula mbíonn an scéim thart, tá seans ann go ndéanfar athbhreithniú ar do chuid acmhainní airgeadais.

## (b) Do chárta a choinneáil má fhaigheann tú post

I gcás iarratasóirí atá dífhostaithe atá réidh le tosú i bhfostaíocht nó féinfhostaíocht **nua**, féadfaidh siadsan a gCárta Leighis a choinneáil go ceann trí bliana ar choinníoll go raibh siad incháilithe, dífhostaithe, dúnta/sínithe ón éileamh/scéim agus go bhfuair siad, go leanúnach, aon cheann de na liúntais nó sochair seo a leanas ar an ráta iomlán infheidhme dóibh thar thréimhse 12 mhí nó os a chionn sin sular thosaigh siad ag obair (féach an **nóta** thíos).

- Liúntas Cuardaitheora Poist
- Sochar Cuardaitheora Poist
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora
- An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair
- Sochar Breoiteachta
- Pinsean Easláine
- Liúntas Míchumais
- Pinsean na nDall
- Scéimeanna Dreasachta Fostaíochta nó Scéimeanna Deiseanna Oideachais (seachas Scéim Fóirdheontais Pá)

Féadfaidh iarratasóirí athrú chuig fostaíocht eile sna trí bliana seo ach caithfear tús a chur leis an bpost nua láithreach, díreach tar éis deireadh a chur leis an bpost eile. Má thagann an t-iarratasóir chun bheith dífhostaithe sula mbíonn na trí bliana istigh, ní bheidh an t-iarratasóir sin incháilithe don chárta de réir coinneála.

***Tabhair do d’aire:** Mar chuid de thréimhse 12 mhí an iarratasóra, is féidir meascán de liúntais nó sochair a chur san áireamh, ar choinníoll go bhfuil siad á n-íoc go leanúnach ar an ráta iomlán atá ar fáil don iarratasóir. Mar shampla: 6 mhí ar Liúntas Cuardaitheora Poist agus, díreach ina dhiaidh sin, 6 mhí ar Scéim Dreasachta Fostaíochta agus, díreach ina dhiaidh sin, fostaíocht nua nó féinfhostaíocht nua.

## Má tá mo chéile nó páirtí ag obair?

I gcás aon chleithiúnaithe atá ag duine atá clúdaithe de réir coinneála agus atá spleách ar an duine sin ó thaobh cúrsaí airgeadais de, idir dhaoine fásta agus leanaí, beidh siadsan cáilithe leis an gCárta Leighis a fháil. Mar sin féin, i gcásanna ina bhfuil céile/páirtí an duine incháilithe atá clúdaithe de réir coinneála neamhspleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de, ní ghlactar leis go mbeidh na cleithiúnaithe sa teaghlach sin iomlán spleách ar an duine incháilithe.

## Cad é a tharlóidh nuair a bheidh an tréimhse choinneála trí bliana thart?

Má leanann tú ar aghaidh ag obair, beidh ort foirm iarratais ar athbhreithniú a chomhlánú tar éis trí bliana.

# 9. Cén t-athrú a thiocfaidh ar m'incháilitheacht má bhím faoi chúram fadchónaithe?

## Tithe altranais príobháideacha

Má tá tú i dteach altranais príobháideach agus má chreideann tú go bhfuil seans ann go mbeifeá cáilithe le cárta a fháil, moltar duit iarratas a dhéanamh.

## Seirbhísí fadchónaithe

Má chuireann d'ionad cúraim seirbhísí leighis agus máinliachta ar fáil san ionad, ní bheidh ort dul chuig coinní leis an dochtúir teaghlaigh agus ní bheidh ort do chárta a úsáid. Beidh othair fadchónaithe fós in ann a gcárta a úsáid i gcás seirbhísí eile, seirbhísí fiaclóireachta nó optúla, mar shampla.

Má fhaigheann tú cóireáil leighis faoi chúram do dhochtúra teaghlaigh cé go bhféadfá an chóireáil chéanna a fháil san ionad fadchónaithe, ní chlúdóidh an cárta an chóireáil sin.

## Cén t-athrú a thiocfaidh ar m'incháilitheacht má bhím faoi chúram cónaithe?

## Ionaid chónaithe do leanaí

Tá gach duine óg atá faoi chúram cónaithe incháilithe lena Chárta nó lena Cárta Leighis féin a fháil, ach caithfidh an duine óg iarratas a dhéanamh leis an gcárta a fháil. Is gá litir ó oibrí sóisialta de chuid Tusla a chur isteach leis an iarratas.

## Cúram altramais

Tá gach leanbh atá faoi chúram altramais incháilithe lena Chárta nó lena Cárta Leighis féin a fháil, ach caithfidh an leanbh iarratas a dhéanamh leis an gcárta a fháil. Is gá litir ó oibrí sóisialta de chuid Tusla a chur isteach leis an iarratas.

# 10. Iarratas a dhéanamh ar chárta faoi rialú an Aontais Eorpaigh

Tá tú i dteideal cúram sláinte a fháil i dtíortha san Aontas Eorpach más as ceann acu seo duit:

- tír san Aontas Eorpach
- tír sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), nó  An Eilvéis.

Is féidir Cárta Leighis nó an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte, arna eisiúint i do thír féin, a úsáid le cúram sláinte a fháil in Éirinn.

Más mian leat an Cárta Leighis a fháil, caithfidh tú Foirm Iarratais ar Chárta Leighis, agus an fhoirm E nó an fhoirm S, a chomhlánú agus a sheoladh isteach chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Eisítear an fhoirm E i do thír féin agus deimhnítear léi gur ball de scéim árachais sláinte thú i stát eile den Aontas Eorpach. Líonfaidh FSS isteach codanna den fhoirm E freisin.

D'fhéadfadh sé go mbeifeá i dteideal Cárta Leighis má dheimhníonn do thír féin go bhfuil tú i dteideal cúram sláinte anseo. Más amhlaidh atá an cás, ní dhéanfar measúnú airgeadais ort. Mar sin féin, má tá tú ag obair anseo, d'fhéadfadh sé nach mbeifeá i dteideal Cárta Leighis faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfadh sé go mbeifeá i dteideal Cárta Leighis de réir tástáil acmhainne, áfach.

## Cur isteach ar Chárta Leighis agus Cárta Cuairte Dochtúra

Le hiarratas a dhéanamh chun an cárta a fháil, déan an Fhoirm Iarratais ar an gCárta Leighis agus ar an gCárta Cuairte Dochtúra (MC1) a chomhlánú. Ní gá duit na codanna go léir den fhoirm a chomhlánú. Déan na codanna seo a chomhlánú.

- **Cuid 1** — Dearbhú agus Toiliú
- **Cuid 2 agus Cuid 3** — Sonraí Pearsanta (ba chóir céile/páirtí agus cleithiúnaithe a chur san áireamh)
- **Cuid 4** — Rialacháin an Aontais Eorpaigh
- **Cuid 6** — Ioncam teaghlaigh. Sa chuid is mó de chásanna, ba chóir an fhoirm E a chur isteach seachas Cuid 6 a chomhlánú. Má íocann do chéile nó do pháirtí ÁSPC, áfach,

beidh oraibh iarratas a dhéanamh mar theaghlach agus bhur n-ioncam agus bhur gcostais teaghlaigh a chur san áireamh ann.

- **Cuid 8** — Roghnú Dochtúra

Ní mór duit an fhoirm E a chur isteach le d’iarratas. Tá leaganacha difriúla den fhoirm E ann ag brath ar do chás féin.

### Oibrithe trasteorann

Tá oibrithe trasteorann atá ag obair áit éigin eile san Aontas Eorpach ach atá ina gcónaí anseo agus a fhilleann anseo uair sa tseachtain ar a laghad incháilithe leis an gCárta Leighis a fháil. Beidh foirm **S1** nó foirm **E106** de dhíth ort ón tír ina bhfuil tú ag obair.

Tá cleithiúnaithe oibrithe trasteorann i dteideal Cárta Leighis a fháil chomh maith mura bhfuil siad bainteach le reachtaíocht na hÉireann maidir le Slándáil Shóisialta.

### Oibrithe ar post

Maidir le hoibrithe ar phostú atá fostaithe i mBallstát amháin de chuid an Aontais Eorpaigh agus curtha ag a bhfostóir ag obair i mBallstát eile, tá siadsan cáilithe chun an Cárta Leighis a fháil. Beidh foirm **S1** nó foirm **E106** de dhíth ort ón tír ina bhfuil tú ag obair.

Tá cleithiúnaithe oibrithe ar phostú i dteideal Cárta Leighis a fháil chomh maith **mura** bhfuil na cleithiúnaithe ag obair anseo agus mura bhfuil siad faoi réir reachtaíocht na hÉireann maidir le Slándáil Shóisialta. Chun bheith cáilithe, ní mór gnáthchónaí a bheith orthu in Éirinn freisin (féach leathanach 7).

### Pinsinéirí

Tá pinsinéirí cáilithe faoi rialacháin an Aontais Eorpaigh má chomhlíonann siad na nithe seo:

- má fhaigheann siad pinsean cáilitheach ó Bhallstát eile den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó ón Eilvéis
- má tá cónaí orthu in Éirinn, agus
- mura bhfuil siad i dteideal íocaíocht leasa ranníocach ná pinsean Éireannach a fháil agus mura n-íocann siad ÁSPC.

Beidh foirm **S1** nó foirm **E121** ó do thír féin de dhíth ort.

Más as an Ríocht Aontaithe thú agus má fhaigheann tú pinsean slándála sóisialta ón Ríocht
Aontaithe, ní bheidh foirm **S1** ná foirm **E121** de dhíth ort. Beidh litir ón Roinn um Obair agus Pinsin a scríobhadh le deireanas de dhíth ort, áfach, agus sonraí inti ar an méid a íoctar leat agus ar chomh minic a íoctar é sin.

Tá cleithiúnaithe pinsinéara i dteideal Cárta Leighis a fháil fosta mura bhfuil na cleithiúnaithe sin nasctha le Córas Slándála Sóisialta na hÉireann (reachtaíocht na hÉireann maidir le Slándáil Shóisialta).

### Cleithiúnaithe a bhfuil cónaí orthu in Éirinn

Tá cleithiúnaithe oibrithe trasteorann, oibrithe ar phostú agus pinsinéirí i dteideal an Chárta Leighis in Éirinn a fháil más rud é:

- nach bhfuil siad ag obair in Éirinn, agus
- mura bhfuil siad i dteideal íocaíocht leasa ranníocach a fháil, nach bhfaigheann siad, agus mura n-íocann siad ÁSPC.

Beidh foirm **S1** nó foirm **E109** ó do thír féin de dhíth ort.

Más as an Ríocht Aontaithe thú, ní bheidh foirm **S1** ná foirm **E109** de dhíth ort. Ina n-ionad sin, beidh fianaise ar do chuid fostaíochta nó féinfhostaíochta sa Ríocht Aontaithe de dhíth ort.

## Cad é a tharlóidh nuair a dhéanfar measúnú ar m’iarratas faoi rialacháin an Aontais Eorpaigh?

Agus d’iarratas ar chárta faoi rialacháin an Aontais Eorpaigh faighte ag an Aonad Náisiúnta um an gCárta Leighis, déanfar na nithe seo a sheiceáil:

 nach bhfuil tú incháilithe le híocaíocht leasa shóisialta ranníocach a fháil ó

Éirinn, agus  nach n-íocann tú ÁSPC.

Má dhéanann tú féin agus do chéile nó do pháirtí na riachtanais seo a chomhlíonadh, tá tú i dteideal Cárta Leighis a fháil faoi rialacháin an Aontais Eorpaigh. Gheobhaidh tú féin agus do theaghlach cárta leighis.

Mura ndéanann tú féin ná do chéile nó páirtí na riachtanais seo a chomhlíonadh, níl tú i dteideal Cárta Leighis a fháil faoi rialacháin an Aontais Eorpaigh. Más sin an cás, iarrfar eolas ort maidir leis an ioncam agus na costais atá ag do theaghlach. Déanfaidh an tAonad Náisiúnta um an gCárta Leighis d'iarratas a mheas ansin bunaithe ar chúinsí airgeadais.

Má dhéanann tú féin, ach ní do chéile nó páirtí, na riachtanais seo a chomhlíonadh, gheobhaidh tusa an Cárta Leighis ach ní bhfaighidh do chéile nó páirtí ná do theaghlach é. Iarrfar eolas ort maidir leis an ioncam agus na costais atá ag do theaghlach. Déanfaidh an tAonad Náisiúnta um an gCárta Leighis measúnú acmhainne ar staid do chéile nó do pháirtí agus do theaghlaigh.

De réir Rialacháin an Aontais Eorpaigh, ní mór dúinn na húdaráis i do thírse a chur ar an eolas faoin gcinneadh a dhéanfaimid.
Tá rannóg ar an bhfoirm S1 nó foirm E a chuirfimid ar ais chuig do thír.

## Níl mé cinnte an bhfuil mé cáilithe faoi rialacháin an Aontais Eorpaigh

Mar sin féin, más as ceann de na tíortha seo a leanas duit, **b'fhéidir** go mbeifeá i dteideal Cárta Leighis a fháil faoi rialacháin an Aontais Eorpaigh.

| | | |
|---|---|---|
| ☐ An Ostáir | ☐ An Ghréig | ☐ An Ísiltír |
| ☐ An Bheilg | ☐ An Ungáir | ☐ An Iorua |
| ☐ An Bhulgáir | ☐ An Íoslainn | ☐ An Pholainn |
| ☐ An Chipir (an Deisceart) | ☐ Éire | ☐ An Phortaingéil |
| ☐ Poblacht na Seice | ☐ An Iodáil | ☐ An Rómáin |
| ☐ An Danmhairg | ☐ An Laitvia | ☐ An tSlóvaic |
| ☐ An Eastóin | ☐ Lichtenstein | ☐ An tSlóivéin |
| ☐ An Fhionlainn | ☐ An Liotuáin | ☐ An Spáinn |
| ☐ An Fhrainc | ☐ Lucsamburg | ☐ An tSualainn |
| ☐ An Ghearmáin | ☐ Málta | ☐ An Eilvéis |

| | | |
|---|---|---|
| | | An Ríocht Aontaithe (Giobráltar san áireamh) |

# 11. Athbhreithnithe agus achomhairc

## Athbhreithniú ar d'iarratas a fháil

Scríobhfaimid chugat chun tú a chur ar an eolas faoin gcinneadh ó d'iarratas ar an gCárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra. Chomh maith leis sin, cuirfimid ráiteas airgeadais chugat ina dtabharfar léiriú ar an measúnú a rinneadh ar do chuid acmhainní.

Má mheasann tú go bhfuil an ráiteas airgeadais seo contráilte, féadfaidh tú iarraidh ar an Aonad Náisiúnta um an gCárta Leighis d'iarratas a mheasúnú arís agus eolas breise ann a cailleadh sa chéad iarratas nó nár seoladh isteach leis. Beidh ort an t-eolas seo a sholáthar taobh istigh de thrí seachtaine ón dáta ar an litir.

Seo cuid de na cineálacha **nua** eolais a bhféadfá iad a chur ar fáil don athbhreithniú.

- Doiciméid a thugann léiriú ar an athrú ar do chás ó rinne tú iarratas ar an gcárta.
- Litir nó tuairisc ó do dhochtúir teaghlaigh nó lia comhairleach maidir leis na nithe seo: ○ an riocht sláinte atá ort; agus
  - an méid cuairteanna a thug tú féin nó do chleithiúnaithe ar an dochtúir nó ar an ospidéal le 12 mhí.
- Sonraí maidir leis na cógais agus fearais leighis atá agat, agus eolas eile.
- Costais bhreise atá agat a bhaineann leis na riochtaí sláinte atá ort agus costais eile a bhaineann le sláinte.
- Athrú ar d'ioncam nó eisíocaíochtaí.

## Achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh

Mura n-aontaíonn tú le cinneadh a rinneadh maidir leis an iarratas atá déanta agat ar chárta, féadfaidh tú achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin tríd an Oifig Náisiúnta um Achomhairc.

**Má bhíonn eolas nua agat, ba chóir duit athbhreithniú a iarraidh. Nós imeachta nua faoi leith é sin nach achomharc é.**

Nuair a bheidh d'achomharc faighte in FSS, scríobhfaidh duine den fhoireann chugat leis an méid sin a dheimhniú. Iarrfaidh FSS ar an Aonad Náisiúnta um an gCárta Leighis do chomhad a chur chucu ansin.

Is iad baill foirne de chuid FSS nach raibh baint acu leis an measúnú ar an iarratas tosaigh a bheidh páirteach san achomharc.

Ní féidir le baill foirne ach an t-eolas a chuir tú ar fáil don oifigeach leighis a rinne an chéad chinneadh a úsáid agus d'achomharc á mheas.

Cuirfidh siad dhá rud san áireamh nuair a dhéanfaidh siad do chás a mheas arís.

1. An ndearnadh d'ioncam agus costais a mheasúnú mar ba cheart?
2. An duine thú atá i gcatagóir daoine atá díolmhaithe ón measúnú ar acmhainní airgeadais?

Tabharfaidh siad aird ar na nithe seo a leanas faoi mar a bhaineann siad leat:

- do cheart chun príobháideachais, chun neamhchlaontachta agus chun measa
- aois
- do chumas chun cumarsáid a dhéanamh
- deacrachtaí soghluaisteachta a bheadh ort, cathaoir rothaí cuir i gcás
- do chumas chun reachtaíocht, rialacháin agus nósanna imeachta a thuiscint.

**Ní féidir** leis an oifigeach achomhairc ó FSS a dhéanfaidh an t-athbhreithniú aon doiciméid nua a mheas, cuir i gcás duillíní pá ná eolas nua maidir le do chúinsí sláinte ná sóisialta. **Má bhíonn eolas nua agat, níor chóir duit achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh – ba chóir duit athbhreithniú a lorg.**

Beidh trí rogha ag an mball foirne a dhéanfaidh cinneadh maidir leis an achomharc.

- Go bhfuil an cinneadh ceart ann.
- Go bhfuil an cinneadh mícheart ann.
- Gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar d'iarratas.

Scríobhfaimid chugat má bhíonn tuilleadh eolais de dhíth orainn. Má dhéanaimid cinneadh gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar d'iarratas, cuirfimid do chomhad chuig an Aonad Náisiúnta um an gCárta Leighis le go ndéanfar athbhreithniú air.

Scríobhfaimid chugat le tú a chur ar an eolas faoin gcinneadh maidir le d'achomharc.

## An tslí le hachomharc a dhéanamh

Más mian leat achomharc a dhéanamh, ba chóir duit litir nó teachtaireacht a chur chuig ceann de na seoltaí thíos. Iarrtar ort míniú a thabhairt ar an gcúis a bhfuil achomharc á dhéanamh agat i gcoinne an chinnidh.

Mary Doran

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An Clochar

Campas Sláinte Bhéal Átha Seanaidh

Sráid an Choláiste

Béal Átha Seanaidh

Co. Dhún na nGall

Ríomhphost: nationalappeals@hse.ie